Roicéad a Dhéanamh

Ullmhúcán

RANG	Rang a ceathair go a sé
SCILEANNA	**Ag tástáil**
NASCADH	**Béarla/Gaeilge:** Is féidir roicéid agus spás a úsáid mar théama do stíleanna éagsúla scríbhneoireachta ar spás **Tíreolaíocht** **Amharcealaíona**
ÁBHAR	Ábhair agus athrú Fórsaí
ÁBHAIR / FEARAS	Boiscín plaistic scannáin le clúdach, táibléad sioscadh ar bith ar nós Alka-Seltzer nó Vitamin C a léann, Blu-tack, uisce
ULLMHÚCHÁN	Bailigh na hábhair agus bain triail as an ngníomhaíocht roimh ré.
CÚLRA	Nuair a mheasctar uisce agus an táibléad scaoiltear saor an gás dé-ocsaíd charbóin. Méadaíonn brú an dé-ocsaíd charbóin istigh sa bhoiscín go dtí go bpléascann an boiscín ón gclúdach. Brúann an gás, atá ag éalú trí bhun an bhoiscín, é ina mhalairt de threo. D'fhéadfadh an roicéad scinneadh suas go dtí cúig mhéadar san aer.



Gníomhaíocht

SPRIOC CHEISTEANNA	**Céard is roicéad ann?** Sorcóir lán le hábhair gur féidir leo gás a tháirgeadh. **Cad chuige roicéid?** Úsáidtear iad mar roicéid comharthaíochta agus chun spás árthaigh a lainseáil le neart. **Cad a thugann fuinneamh don roicéad lainseáil?** Nuair a scaoiltear gás ó chúl an roicéid brúitear an roicéad in airde san aeir. Is féidir le páistí balúin a shéideadh agus scaoileadh leo; Ceistigh iad faoin treo ina ghluaiseann an t-aer agus an balún. Téann siad ar bhealaí contrártha.. Nóta: B'fhéidir go bhfuil an ghníomhaíocht "Roicéad a theilgeadh" déanta acu ón bPaca Gníomhaíochtaí Ranga (Lch 45) Oibríonn an ghníomhaíocht seo ar na prionsabail chéanna.
SÁBHÁILTEACHT	**Bíodh gach duine idir múinteoirí agus páistí i bhfad siar ón ngníomhaíocht seo mar imíonn an boiscín faoi luas ón gclúdach agus d'fhéadfaí dochar a dhéanamh d'aghaidh nó de shúile na bpáistí. Is fearr an gníomhaíocht seo a dhéanamh lasmuigh – d'fhéadfadh sé bheith salach.**

Roicéad a Dhéanamh

GNÍOMHAÍOCHT

Greamaigh táibléad (is féidir leath-tháibléad a úsáid) taobh istigh den chlúdach.

Líon aon cheathrú cuid den bhoiscín le huisce.

Cuir an clúdach, agus an táibléad greamaithe leis, ar an mboiscín agus iompaigh an t-iomlán bun os cionn.

Seas siar!

(Séidtear an boiscín le fuinneamh ón gclúdach)

LEATHNÚ

(1) Má bhíonn an t-uisce níos teo an bhfuil aon difríocht san airde a shroicheann an roicéad?

(2) Má chuireann tú fínéagar in ionad uisce an bhfuil aon difríochtaí ann?

(3) Is féidir ceap lainseála a dhearadh as tiúb chairtchláir (rolla leithris)agus pláta páipéir.Cuir trí ghearradh 2.5cm ar airde i mbun na tiúibe agus lúb amach na píosaí ionas gur féidir iad a ghreamú leis an bpláta. Cuir an pláta páipéir atá ina cheap lainseála síos agus cuir an boiscín anuas ar bharr na tiúibe. Féach cad a tharlaíonn?

Athbhreathnú

LEATHNÚ

Céard is roicéad ann? Dár le NASA is gléas nó feithicil,cúng scairdtiomána é,a úsáidtearmar ghléas comharthaíochta nó arm; le haghaidh tinte ealaíne, nó chun cumhacht a sholáthar do spás árthaigh.
http://www.nasa.gov/audience/forkids/glossary/index_r_s.html

Céard atá i'd fhoclóir féin?

An raibh fhios agat? Úsáidtear roicéid mar gléas comharthaíochta agus i dtinte ealaíne agus chun spás árthaigh a lainseáil.

An raibh fhios agat? Tá tinte ealaíne mídhleathach, taobh amuigh de thaispeántais cheadúnaithe. Tá contúirt ag baint leo agus d'fhéadfadh timpiste a tharlú agus iad in úsáid. Cuireann siad as do dhaoine agus d'ainmhithe. Tá breis eolas ar fáil ó:
http://www.ispca.ie/behaviour/fireworks.html.

Tá cúntas ar pháistí Éireannacha ag taisteal go NASA, mar chuid de FÁS Science Challenge le fáil ó: http://www.fas.ie/science/primary_diary.html

Roicéid eile gur féidir a dhéanamh:

Roicéad sú líomóide

http://pbskids.org/zoom/activities/sci/lemonjuicerockets.html

Bain triail as roicéad a dhéanamh as soip

http://www.nasa.gov/audience/forkids/activities/A_Straw_Rocket.html

Roicéid níos deacra:

Roicéad déanta as buidéal

http://teacherlink.ed.usu.edu/tlnasa/units/Rockets/18BottleRocket.pdf

Tá leagan splancbhunaithe den ghníomhaíocht seo ar fáil ar www.primaryscience.ie